# FLEADH FEIRSTE




CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH




# Teachtaireacht ón Choiste Eagrúcháin

Agus Nollaig 2022 ag druidim linn, tá muid ag tarraingt ar dheireadh bliana eile agus lúcháir orainn go bhfuil muid ar ais le clár lán d'imeachtaí agus ealaíon ar ais i dteannta a chéile arís agus níl am níos fearr le sin a dhéanamh ná aimsir na Nollag. Tá deacrachtaí os comhair an phobail lena n-áirítear ardú ar chostais mhaireachtála, ach Is féidir bheith cinnte go mbeidh fáilte chroíúil, theolaí ann do gach duine anseo sa Cheathrú Ghaeltachta.

Is fleadh faoi leith í Fleadh Feirste a léiríonn bunluachanna an phobail Ghaelaigh in iarthar na cathrach mar atá an chomhpháirtíocht, an chomhbhá agus an chomhghuaillíocht. Tá lúcháir orainn go dtáinig grúpaí éagsúla le chéile leis an chlár ildaite, ildánach agus ilchineálach a chur faoi bhur mbráid. Is de thoradh an chomhoibrithe sin a d'éirigh linn clár imeachtaí a chur le chéile a thugann léargas ar phobal fuinniúil, flúirseach, Gaelach na Ceathrún Gaeltachta agus na gceantar máguaird.

Beidh plúr an cheoil anseo sa Chultúrlann gach lá a bhuí le Cumann Ceoil Thraidisiúnta Coláiste Ollscoile Naomh Muire. Tabharfaidh muid aghaidh ar fhorbairtí éagsúla sa phobal le himeachtaí ar leith amhail agallamh Raidió Fáilte le Fionnuala Nic Oitir, Iarphríomhoide Scoil an Droichid, agus dinnéar

'Cothaigh', arna eagrú ag Forbairt Feirste, a bhfuil 'Caomhnóireacht' mar théama aige i mbliana agus an nasc idir an Chultúrlann agus Eaglais Phreispitéireach an Bhealaigh Leathain faoi chaibidil ag na haoichainteoirí. Is fiú a lua fosta Randam na Ceathrún Gaeltachta a thosóidh le caint spreagúil ina bpléifear na buanna go léir a bhain lucht na Gaeilge amach, lena n-áirítear scéim chónaithe Ollscoil na Banríona, comharthaíocht Ghaeilge in aontais na mac léinn Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona agus feachtasaíocht thar a bheith rathúil An Dream Dearg.

Beidh ceol iomráiteach Andy Irvine le cloisteáil i Muileann Mhic Con Midhe a bhuí le hÁras Uí Chonghaile agus cuirfidh Conradh na Gaeilge imeacht galánta ceolmhar i láthair a amharcfaidh ar an nasc atá idir ár logainmneacha agus an ceol dúchasach. Reáchtálfaidh Ionad Uíbh Eachach ollchiorcal comhrá i gCumann Chluain Árd a thabharfaidh deis do Ghaeilgeoirí a bhfuil gach leibhéal líofachta acu teacht le chéile. Beidh lainseáil den togra ceannródaíoch, 'Sólás na nÓg' ag Glór na Móna agus i nDánlann Dillon agus sna Ballaí Bána, seolfar taispeántais speisialta le Shiro Masuyama agus Lorraine Cleary. Díreofar spotsolas ar na scríbhneoirí fosta nó seolfaidh An Ceathrú Póilí 'Tearmann na Mara', úrscéal nua le Jake Mac Siacais, agus eagrán úrnua den leabhar bheag Is clúití i measc na nGael, 'Abair Amhrán', a cuireadh le chéile ag Comhaltas Uladh den chéad uair go luath sna seascaidí. Agus beidh leabhar nua speisialta eile ann ón tSnáthaid Mhór.

Beidh scléip na Nollag chun tosaigh go mór sa gheamaireacht, 'Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa' arna scríobh ag Seán 'John Boy' Ó Muireagáin, agus beidh an fear mór sa chulaith dhearg ar cuairt fosta, ar ndóigh. Aíonna thar a bheith speisialta a lasfaidh soilse na Nollag dúinn i mbliana – Dáithí Mac Gabhann, Gael óg ó iarthar Bhéal Feirste agus laoch an fheachtais 'Is Deontóir Mé' chomh maith leis an sárfheachtas, 'An Dream Dearg' a mheall 20,000 chun sráide i mbliana ag éileamh Acht Gaeilge. Beidh an Cheathrú Ghaeltachta faoi sholas is faoi spiorad na Nollag le linn na Fleidhe agus is léiriú é Fleadh Feirste ar dhíograis an phobail ildánaigh chruthaithigh atá inár dtimpeall agus bheireann muid cuireadh croíúil duit bheith páirteach inti agus sult a bhaint aisti.




# Message from Organising Committee

As 2022 comes to a close, we bid farewell to another year but we are delighted to present a packed programme of events and artistic initiatives which we can enjoy and celebrate In the company of one another again, and what better time to celebrate than Christmas! Having said that though, we are very conscious of the difficulties facing our communities with the ever-increasing cost of living. We can guarantee, however, that all will receive a hearty, warm welcome here In the Gaeltacht Quarter.

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

Fleadh Feirste demonstrates the core values of the Irish language community in the west of the city: working together and common mission. We're delighted that various groups have come together to produce this versatile and varied programme. It's because of this partnership that we were able to put together a programme of events that represents the creative, energetic, generous Irish language community in the Gaeltacht Quarter.
We'll have the best of traditional music here every day courtesy of the emerging musicians In St Mary's University Traditional Music Society. Community developments will also be recalled and celebrated as Raidió Fáilte interview Fionnuala Nic Oitir, lifelong Gael and former Scoil an

Droichid principal, along with the annual 'Cothaigh' dinner, organised by Forbairt Feirste, which this year is celebrating 'Custodianship' and the link between Cultúrlann McAdam Ó Fiaich and Broadway Presbyterian Church. It would also be remiss not to mention An Cheathrú Ghaeltachta's night of fun and sport which will see a tour of various bars beginning with an inspiring talk encompassing the various triumphs the Gaels achieved this year Including Queen's University Residency Scheme, signage in the University of Ulster and Queen's University Students' Unions, along with the Dream Dearg campaign.
Thanks to the team at Áras Uí Chonghaile, the renowned musician Andy Irvine will perform live in the Gaeltacht Quarter during the Fleadh.
Conradh na Gaeilge will host a fascinating talk, interspersed with music, looking at the distinct link between place names and our native music. Glór na Móna will host an event celebrating its pioneering youth project, Sólás na nÓg. Ionad Uíbh Eachach are organising an Ollchiorcal Comhrá in Cumann Chluain Árd which will bring together Irish speakers of all levels. Cultúrlann will host two new exciting exhibitions courtesy of Shiro Masuyama and Lorraine Cleary, in the Dillon and Ballaí Bána Galleries respectively.

The best of new literature will be showcased with the launch of Jake Mac Siacais's first novel, 'Tearmann na Mara', along with the launch of a new edition of Comhaltas Uladh's beloved Abair Amhrán and the launch of An tSnáthaid Mhór's magical new offering which Is yet to be confirmed.
The Christmas panto, 'Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa', a retelling of an old tale penned by Seán 'John Boy' Ó Muireagáin, promises all sorts of high jinks and of course the big man in the red suit will also be visiting An Chultúrlann.
To bring the festival to a close, we're honoured to welcome a special guests to switch on the Cultúrlann Christmas lights – Dáithí Mac Gabhann, a young Gael from west Belfast and hero of the 'Is Deontóir Mé' campaign along with the powerful 'Dream Dearg' campaign which inspired 20,000 to take to the streets to demand language rights. An Cheathrú Ghaeltachta will be awash with the light and spirit of Christmas.
All the events in this programme are a testament to the hard work of our multi-talented and creative community. We invite you to take part and enjoy.

Samhain | November

| Imeacht \| Event | Áit Place | Eagraíocht Organisation |
|---|---|---|
| **Oíche Síol**<br>*26/11/22 \| 8:00pm* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Ard-Sheis na Ceathrún Gaeltachta**<br>*29/11/22 \| 5:00pm* | Cultúrlann | |
| **Geamaireacht \| Panto: Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa**<br>*30/11/22 - 03/12/22*<br>*10:30am - 11:15am \| 1:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar<br>CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Ceol sa Chaifé le Cumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire**<br>*30/11/22 \| 12:30pm* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Seoladh Shólás na nÓg**<br>*30/11/2022 \| 7:00pm* | Gael-Ionad Mhic Goill | glór na móna<br>Pobal & Óige |
| **Dúchas sa Cheol: The Place names of Ulster**<br>*30/11/22 \| 7:30pm* | Cultúrlann | Conradh na Gaeilge |
| **Ceolchoirm: Andy Irvine**<br>*30/11/22 \| 8:00pm* | Arás Uí Chonghaile | Áras Uí Chonghaile<br>James Connolly Visitor Centre |

Nollaig | December

| Imeacht \| Event | Áit<br>Place | Eagraíocht<br>Organisation |
|---|---|---|
| **Geamaireacht \| Panto:<br>Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa**<br>*01/12/22*<br>*10:30am - 11:15am \| 1:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar<br>CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Ceol sa Chaifé le Cumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire**<br>*01/12/22 \| 12:30pm* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Seoladh Oifigiúil Stiúideo Taifeadta Raidió Fáilte**<br>*01/12/22 \| 12:00pm* | Raidió Fáilte | 107.1 fm Raidió Fáilte |
| **Seoltaí Taispeántais Ealaíne<br>Launch of Art exhibitions:<br>le Shiro Masuyama agus Lorraine Cleary**<br>*01/12/22 \| 7:00pm* | Dánlann Dillon & Ballaí Bána | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Geamaireacht \| Panto:<br>Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa**<br>*02/12/22*<br>*10:30am - 11:15am \| 1:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar<br>CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Seoladh: Meitheal Meanatóireachta**<br>*02/12/22 \| 1:00pm* | Cultúrlann | FÍS AN PHOBAIL |
| **Ceol sa Chaifé le Cumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire**<br>*05/12/22 \| 12:30pm* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |

Nollaig | December

| Imeacht \| Event | Áit<br>Place | Eagraíocht<br>Organisation |
|---|---|---|
| **Móragallaimh na Fleidhe**<br>*02/12/22 \| 7:00pm* | Raidió Fáilte | 107.1fm Raidió Fáilte |
| **Ollchiorchal Comhrá**<br>*02/12/22 \| 7:00pm* | Cumann Chluain Árd | IONAD Uíbh Eachach |
| **Geamaireacht \| Panto:**<br>**Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa**<br>*03/12/22 \| 12:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar<br>CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Seoladh Leabhair: Tearmann na Mara le Jake Mac Siacais**<br>*03/12/22 \| 1:00pm* | Dánlann Dillon, Cultúrlann | An Ceathrú Póilí |
| **Seoladh Leabhair:**<br>**Abair Amhrán**<br>*03/12/22 \| 3:00pm* | Dánlann Dillon, Cultúrlann | An Ceathrú Póilí |
| **Geamaireacht \| Panto:**<br>**Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa**<br>*03/12/22 \| 6:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar<br>CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil**<br>**Annual Lecture and Dinner**<br>*03/12/22 \| 7:30pm* | Cultúrlann | Forbairt Feirste |

| Imeacht \| Event | Áit<br>Place | Eagraíocht<br>Organisation |
|---|---|---|
| **Pluais Dhaidí na Nollag Ceardlann Ealaíne**<br>**Santa's Grotto & Art Workshop**<br>*04/12/22 \| 1:00pm* | Taiscumar, Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Seoladh Leabhair \| Book Launch:**<br>*04/12/22 \| 3:00pm* | Dánlann Dillon, Cultúrlann | An tSnáthaid Mhór |
| **Craoladh beo: Raidió Fáilte**<br>*04/12/22 \| 3:00pm* | Cultúrlann | fm 107.1 Raidió Fáilte |
| **Lasadh Shoilse na Nollag**<br>**Switching on the Christmas Lights**<br>*04/12/22 \| 4:00pm* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Faoi Scáth an tSléibhe \| A Beautiful Place**<br>*04/12/2022 \| 8:00pm* | Gael-Ionad Mhic Goill | glór na móna Pobal & Óige |
| **Bronadh Ghradaim:**<br>**Comórtais Fhilíochta**<br>*08/12/22*<br>*11:00 am (Daoine Óga) \| 7:00 pm (Daoine Fásta)* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |
| **Seoladh Albaim:**<br>**Clare Sands**<br>*17/12/2022 \| 1:00pm* | Cultúrlann | CULTÚRLANN McADAM Ó FIAICH |




## Oíche Síol

Oíche ar leith shiamsaíochta arna cur i láthair ag Máire Dubh agus cairde. Bíonn scoth an cheoil, cuideachta mhaith agus duaiseanna deasa ag Oíche Síol. Cuirtear fáilte roimh gach duine amhrán nó scéal a rá, nó cúpla port a bhualadh. Téann gach fáltas ón oíche chuig an iliomad carthanachtaí a dtugann Síol tacaíocht dóibh. Crannchur ar an oíche do chách a cheannaíonn ticéad. Bí linn don Oíche Síol dheireanach don bhliain, 2022.

A special night of entertainment presented by Máire Dubh and friends. Oíche Síol is always a great night of music, company and nice prizes to win on the night. We welcome anyone who wants to sing a few songs, play a few tunes or tell a story on the night. All proceeds raised go to the many good causes that Síol supports. Free entry into prize draw with every ticket purchased. Join us for the last Oíche Síol of 2022.

**26|11|22**
**8:00pm**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Costas: Saorchead isteach ach cuirfear fáilte roimh shíntiúis**
**Cost: Free but donations are welcome**



# Ard-Sheis na Ceathrún Gaeltachta

Tar linn go Cultúrlann McAdam Ó Fiaich chun ceiliúradh a dhéanamh ar na héachtaí a baineadh amach le bliain speisialta anuas. Pléifear na buanna go léir a bhain lucht na nGael amach, lena n-áireofar: scéim chónaithe Ollscoil na Banríona, comharthaíocht in aontais na mac léinn Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona, feachtasaíocht An Dream Dearg. Déanfaidh painéal aoichainteoirí na feachtais seo a phlé roimh sheisiún ceoil thraidisiúnta agus oíche cheiliúrtha fud fad na cathrach. Ón Cheathrú Ghaeltachta go lár Bhéal Feirste, bainfidh pobal na nGael agus todhchaí an phobail úsáid as glórtha s'acu chun a chur in iúl go seasfaidh muid an fód – ach b'fhéidir nach mbeadh muid inár seasamh faoi dheireadh na hoíche!

**29|11|22**
**5:00pm - Mall**
**Costas | Cost: Saorchead | Free**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



CULTÚRLANN
Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE
LUAITHRÍONA
agus Pósadh an Phrionsa
Athinsint ar sheanscéal
30|11|22 - 03|12|22
FLEADH
FEIRSTE

# Geamaireacht | Panto: Luaithríona agus Pósadh an Phrionsa

Leagan úr nua den seanscéal. Seo Luaithríona agus í gléasta don 21ú hAois! Le ceol, damhsa agus dlúthpháirtíocht na mban. Agus, ar ndóigh, beidh cuairteoir speisialta againn ag an deireadh.
Tá An Chultúrlann agus Aisling Ghéar ríshásta leagan úr den scéal seo atá scríofa ag Seán Ó Muireagáin a chur ar ardán.

A brand-new version of an old tale. This is Luaithríona (Cinderella) for the 21st century! With music, dance and female solidarity. And of course, we will have a special visitor at the end. Cultúrlann and Aisling Ghéar are delighted to bring this revamped tale written by Seán Ó Muireagáin to the stage this Christmas.

**Léirithe Scoile | School Showings**
**30|11|22 – 02|12|22**
**10:30 - 11:15am | 1:00 - 1:45pm**
**Costas | Cost: £3.00 an páiste / per child**
**Áit | Place: Amharclann Nic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

**Léirithe Teaghlaigh | Family Showings**
**03|12|22**
**12:00 - 12:45pm | 6:00 - 6:45pm**
**Costas | Cost: £5.00 an duine / £5.00 per person**
**Áit | Place: Amharclann Nic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Ticéid | Tickets: https://culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows/1173634005**




## Dúchas sa Cheol:

### The Place-Names of Ulster

Is gné ríthábhachtach dár n-oidhreacht chomhroinnte í traidisiún na logainmneacha anseo, toisc go dtugann siad léargas dúinn ar stair agus ar thírdhreach ár gceantar áitiúil. Meastar go dtagann timpeall 95% dár logainmneacha ón Ghaeilge agus tá siad fite fuaite sa cheol. Sa cheardlann seo amharcfaimid ar logainmneacha Chúige Uladh atá luaite sa cheol. Gheobhaidh daoine léargas ar bhunús na logainmneacha, agus cloisfidh siad ceol a bhfuil nasc láidir aige leis na logainmneacha.

Our place-names tradition is at the core of our shared heritage here, giving us an insight into the history and landscape of our local area. It is thought that around 95% of our place-names come from the Irish language and they are also closely intertwined with our musical tradition. In this workshop we will explore the place-names of Ulster through music. Participants will get an insight into the origin of our local place-names, and will hear how they feature in much of our local, traditional music.

**30|11|22 - 7:30pm**
**Costas | Cost: Saorchead | Free**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Cláraigh | Register:**
**https://bit.ly/3CnApcG**



# Ceol sa Chaifé

## le Cumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire

Tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh Chumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire go seisiún mór ceoil idir amhráin Nollag agus fhoinn thraidisiúnta agus ceol tíre i gcoitinne. D'ainneoin bheith ar cheann de na cumainn is úire sa choláiste, is cinnte go bhfuil sé ar cheann de na cumainn is láidre agus go leor ball ann, idir cheoltóirí agus eile.

We are delighted to welcome the fantastic St Mary's University College Traditional Music Society to Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich for a fantastic music session encompassing Christmas carols, well-known and traditional tunes, and folk tunes as well. Despite being one of the newest societies in the College, the Trad Society is certainly one of the strongest with many members, including musicians and others.

**01|12|22 - 03|12|22**
**12:00 – 2:00pm**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

## Seoladh Sólás na nÓg

### Official Launch of Sólás na nÓg

Tá áthas ar Ghlór na Móna Pobal & Óige a chur in iúl go bhfuil muid i ndiaidh maoiniú a aimsiú ón Chrannchur Náisiúnta chun clár oideachas neamhfhoirmeálta trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do pháistí le sainriachtanais atá ag freastal ar Ghaelscoileanna áitiúla. San imeacht seo, beidh muid ag comóradh ár sainchumainn óige, Sólás na nÓg, agus an dea-scéala go bhfuil maoiniú faighte againn leis an tseirbhís a chur ar fáil 3 oíche sa tseachtain. Is céim mhór chun tosaigh í seo don earnáil i dtaca le seirbhísí óige do dhaoine óga le sainriachtanais. Is cúis cheiliúrtha í seo agus tá muid ag dúil go mór le tús a chur leis an aistear úr seo san obair óige.

**Aoi-chainteoir: Koulla Yiasouma,**
Coimisinéir um Leanaí agus Daoine Óga

Glór na Móna Pobal & Óige are delighted to announce that we have been successful in securing funding from the National Lottery for our Sólás na nÓg programme for the next 4 years. The programme aims to further develop the current bespoke informal Irish-medium youth work provision for children of Irish-medium primary and secondary level with additional learning and behavioural needs. This is a significant progression for our service which now operates 3 nights a week for children in need of this bespoke service and we look forward to celebrating the launch of this exciting new project.

**Guest Speaker: Koulla Yiasouma,**
Commissioner for Children and Young People

**30|11|22**
**7:00pm**
**Áit | Place: Gael-Ionad Mhic Goill**
**Teagmháil | Contact:**
**padraigin@glornamona.com**




## Ceolchoirm Áras Uí Chonghaile: Andy Irvine

Is duine de mhórcheoltóirí na hÉireann é Andy Irvine, agus glór aige a léiríonn fíorchroí na hÉireann. Go deimhin, baisteadh "traidisiún ann féin" air. Agus é ina cheoltóir, amhránaí agus ina chumadóir amhrán, chaomhnaigh Andy a scileanna ceoil ar leith féin ar feadh gairmré de bhreis agus 50 bliain. Bhí Andy chun tosaigh ar bhuíonta ceoil lena n-áirítear Sweeney's Men i lár na 60idí, an grúpa ardiomrá, ard-ratha Planxty sna 70idí, agus ansin Patrick Street, Mosaik, LAPD agus Usher's Island ar na mallaibh. Is ceannródaí ceoil é Andy agus is mórphearsa é ó thaobh an cheoil agus ceoltóirí traidisiúnta de.


Andy Irvine is one of the great Irish singers, his voice one of a handful of truly great ones that gets to the very soul of Ireland. He has been hailed as "a tradition in himself". Musician, singer, songwriter, Andy has maintained his highly individual performing skills throughout his over 50-year career. Andy has been at the helm of legendary bands like Sweeney's Men in the mid 60s, to the enormous success of Planxty in the 70s, and then Patrick Street, Mozaik, LAPD and recently Usher's Island. Andy has been a world music pioneer and an icon for traditional music and musicians.

**30|11|22 - 8:00pm**
**Áit | Place: Áras Uí Chonghaile**
**Costas | Cost: £15.00**
**Ticéid | Tickets: www.arasuichonghaile.com**

# “Brexit Sausage”
# Shiro MASUYAMA


Tar éis Brexit, comhaontaíodh, faoi Phrótacal Thuaisceart Éireann, go leanfadh Tuaisceart Éireann rialacha an AE maidir le caighdeáin táirgí le seiceálacha feadh na teorann a chosc. Ina áit sin, dhéanfaí seiceálacha ar earraí a thiocfadh isteach i dTuaisceart Éireann ón Bhreatain Mhór ag calafoirt Thuaisceart Éireann. Spreag sé seo an gearán go bhfuil teorainn nua cruthaithe i Muir Éireann. Faoi rialacha sábháilteachta bia an AE, ní cheadaítear ispíní a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ón Bhreatain Mhór níos mó. Tá an t-ealaíontóir Seapánach, Shiro Masuyama, atá lonnaithe i mBéal Feirste, tar éis idirghníomhaíocht shóisialta nua a dhearadh ag baint úsáide as ispíní le haird a dhíriú ar Theorainn seo Mhuir Éireann a cruthaíodh tar éis Brexit.

Rugadh Shiro Masuyama dTóiceo. Tar éis tréimhsí cónaitheachta idirnáisiúnta in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus Stiúideonna Flax Art, bhog Masuyama go Béal Feirste, áit a bhfuil sé lonnaithe ó shin i leith. Mar ealaíontóir Seapánach atá tar éis cur faoi i mBéal Feirste, tá sé san áit




ar leith sin ina dtig leis a cheistiú an dóigh ar féidir leis na fórsaí polaitiúla ceannasacha atá thart orainn tionchar a imirt ar an fhéiniúlacht.

After Brexit, under the Northern Ireland Protocol it was agreed that Northern Ireland would continue to follow EU rules on product standards to prevent checks along the border. Instead, inspections on goods entering Northern Ireland from Great Britain would take place at Northern Irish




ports. This has prompted criticism that a new border has been created in the Irish Sea. Under EU food safety rules, sausages are no longer allowed to enter Northern Ireland from Great Britain. Belfast-based, Japanese artist Shiro Masuyama has realized a new social intervention using sausages to highlight this Irish Sea Border which was created after Brexit.

Shiro Masuyama was born in Tokyo. Following international residencies in the Irish Museum of Modern Art and Flax Art Studios, Masuyama moved to Belfast, where he's been based ever since. As a Japanese artist who has settled in Belfast, he's in a unique position to question how identity can be influenced by the dominant political forces surrounding us.

**01|12|22 – 26|01|23**
**Dánlann Dillon**

# Estranged

## le Lorraine Cleary

Eascraíonn na téamaí a scrúdaítear i saothar Cleary as cultúr frithbhanda atá fite fuaite i sochaí na hÉireann le blianta fada anuas.
Is éard atá in *Estranged* ná suiteán mór suíomhoiriúnaithe déanta as réada tí díthógtha, atá péinteáilte bándearg agus carntha ar bharr a chéile i sraitheanna plúchtacha. Is freagairt é an saothar seo ar sháinniú ban sa teach.
An cnuasach sraitheach seo d'earraí tí atá leacaithe agus athchóirithe, tá sé crochta ar bhallaí na dánlainne mar chineál bacainne a fheidhmíonn mar léiriú follasach ar an bhacainn dhofheicthe sin a fhulaingíonn daoine a ndéantar mí-úsáid orthu. Tarlaíonn mí-úsáid teaghlaigh i suíomh fisiciúil agus imríonn sé tionchar mór ar an tsícé. Is freagairt fhollasach í *Estranged* air seo. Éiríonn an corp agus an aigne coimhthithe - freagairt anaithnid ar an mhí-úsáid. Is ann do dhá spás ag an am chéanna - spás taobh istigh de spás; is ionann sin agus an dánlann féin agus an Spás *Estranged* feadh a himill.



*Estranged* by Lorraine Cleary
Themes explored in Cleary's work arise from a misogynistic culture that has been ingrained in Irish society for decades.
*Estranged* is a large site-specific installation made from deconstructed domestic objects that are painted pink and are then stacked vertically in suffocating layers. The concept behind the work arises as a reaction to female entrapment in the home.



This layered assemblage of flattened and repurposed domestic fixtures lines the gallery walls acting as a type of obstacle that serves as a tangible representation of that invisible barrier experienced by those within the realm of abuse. Domestic abuse occurs within a physical arena with far reaching implications within the psychological.

*Estranged* is a tangible response to this. Body & mind become estranged, a disembodied reaction to abuse. Two spaces exist simultaneously, a space within a space; that of the gallery itself and the *Estranged* Space that lines its perimeter.

**01|12|22 – 26|01|23**
**Ballaí Bána**
**https://lorrainecleary studio.com**




## Seoladh Oifigiúil
## an Stiúideo Taifeadta Ceoil

Déanfaidh Raidió Fáilte an stiúideo taifeadta ceoil a sheoladh go hoifigiúil. Beidh aíonna speisialta ann agus déanfar craoladh agus fístaifeadadh beo ar an imeacht. Buail isteach agus bí linn ag an ócáid speisialta cheiliúrtha seo.

The official launch of Raidió Fáilte's music recording studio with specieal guests.
The event will be broadcast live.
Be sure to call in and join us in this celebratory event.

**01|12|22**
**12:00 - 2:00pm**
**Áit | Place: Stáisiún Raidió Fáilte | 107.1fm**




## Seoladh: 'Meitheal Meantóireachta'

Is togra úr é Meitheal Meantóireachta atá á sholáthar ag Fís an Phobail (Plean Teanga Feirste Thiar) i gcomhar leis an Economic and Social Research Council agus Ollscoil na Banríona. Clár oiliúna, cumasaithe agus nuálach atá i gceist d'oibrithe atá ag obair in earnáil na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais le taithí agus scileanna praiticiúla, ábhartha a chur ar fáil a chuideoidh leo tabhairt faoin obair phobal-bhunaithe athghabhála teanga ar an bhealach is éifeachtaí.

'Meitheal Meantóireachta' is a new initiative being launched by Fís an Phobail (Plean Teanga Feirste Thiar) in collaboration with the Economic and Social Research Council's Impact Acceleration Fund and Queen's University Belfast. It is an innovative training and empowerment programme which will appeal to community workers in the Irish language sector and equip them with practical and appropriate skills to support and develop their work and practice.

**02|12|22**
**1:00pm**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



## Ollchiorcal Comhrá

Bí linn d'Ollchiorcal comhrá na Ceathrún Gaeltachta – ciorcail chomhrá ag trí leibhéal (Bun/Meán/Ard) san aon seomra amháin. Deis atá ann an Gheailge chleachtadh ar bhonn sóisialta ag leibhéal fóirsteanach.

Seisiún ceoil ina dhiaidh.

Join us for Ceathrún Gaeltachta's major conversation circle. A conversation circle with three levels, (beginner, intermediate and advanced) in one room. A chance to practice your Irish in a social setting and at the appropriate level.

Music session after.

**02|12|22**
**7:00 - 8:00pm**
**Áit | Place: Cumann Chluain Árd**
**Nasc clárúcháin | Register:**
**Brian Mac An tSionnaigh,**
**Cultur@ionadue.org | 02890329180**

IONAD Uíbh Eachach

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH





## Móragallamh Fhleadh Feirste

Anois ina imeacht bliantúil, beidh Raidió Fáilte ag craoladh Mhóragallamh Fhleadh Feirste ar an Aoine, 2ú Nollag. An seal seo, beidh an t-iarmhúinteoir, iarphríomhoide, Gaeilgeoir aitheanta agus gníomhaí, Fionnuala Nic Oitir faoi agallamh, agus í ag caint ar a saol, ar an Ghaeloideachas agus ar an obair dheonach a dhéanann sí.

Now a yearly occurrence, Ráidió Fáilte will broadcast the Fleadh Feirste Interview on the 2nd December. This time around, we will have former teacher, former principal, well known Gael and activist, Fionnuala Nic Oitir will be interviewed discussing her life, Irish medium education and her volunteer work.

**02|12|22**
**7:00 - 9:00pm**
**Áit | Place: Stáisiún Raidió Fáilte | 107.1fm**




## Seoladh Leabhair: Tearmann na Mara

### le Jake Mac Siacais

Is úrscéal eachtraíochta é seo a shamhlaíonn an comhoibriú idir Óglaigh na hÉireann (an IRA) agus Euskadi Ta Askatasuna (ETA) i dTír na mBascach. Leanann muid scéal Phádraig Mhig Aoidh, captaen an bháid Tearmann na Mara agus Óglach sinsearach, agus Inari Uribarri gníomhaí sinsearach an ETA agus captaen na loinge Bascaí, an JARE. Téann scéal s'acu fríd cuid de na heachtraí móra agus na hamanna corraitheacha le linn na coimhlinte in Éirinn agus i dTír na mBascach.


**Maidir le Jake Mac Siacais**

Tá Jake Mac Siacais pósta ar Chrissie Keenan. Tá cúigear páistí agus cúigear garpháistí acu. Rugadh Jake i dtuaisceart Bhéal Feirste ach chaith sé bunús a shaoil in iarthar na cathrach. Is iarchime Poblachtánach é atá, le fada an lá, ag saothrú leis i ngort na Gaeilge. Ba é 'Ón Taobh Istigh' a chéad leabhar (Coiscéim, 2020). Is iareagarthóir é ar an Andersonstown News agus ar An Phoblacht. Tá sé ina stiúrthóir ar Fhorbairt Feirste agus ina ghobharnóir ar Choláiste Feirste.

**03|12|22**
**1:00pm**
**Costas | Cost: Saorchead | Free**
**Áit | Place: Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Cuirfear sólaistí ar fáil | Refreshments provided**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH






## Seoladh Leabhair: Abair Amhrán

Tá eagrán úrnua den leabhar bheag is clúití i measc na nGael, Abair Amhrán, tagtha ar an tsaol, a bhuí le Comhaltas Uladh, a d'fhoilsigh den chéad uair é go luath sna 1960í, agus Marcas Ó Murchú, eagarthóir an leagain úir seo.

Bí linn do sheoladh an tseoidín seo, leabhar beag ina bhfuil 'amhráin mhaithe as ceithre hairde na tíre'. Imeacht galánta, ceolmhar a bheas ann le Róise, Caitríona agus Marcas Ó Murchú mar aon le haoicheoltóirí eile!

*Tá gliondar ar ár gcroíthe.*

*The country's favourite book of Irish songs Is back!*

**03|12|22**
**3:00pm**
**Costas | Cost: Saor in aisce | Free admission**
**Áit | Place: Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

# Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil

## Annual Lecture and Dinner



Reáchtálann Forbairt Feirste léacht agus dinnéar bliantúil le linn Fleadh Feirste ar mhórthéama na fiontraíochta agus na forbartha faoin teideal '*Cothaigh*'. Le cúpla bliain anuas tá scoth na bpríomhchainteoirí ardphróifíle idirnáisiúnta tugtha chuig an Cheathrú Ghaeltachta ag Forbairt Feirste.

Spreag Cothaigh malartú smaointe, taithí agus ceachtanna a chuir go mór le múnlú ár gcuid uaillmhianta agus ár dtreorach. Is suntasach scála na deise athghiniúna atá romhainn agus muid ag cothú na coda seo den chathair mar cheantar atá nua-aimseartha mar aon le bheith ina thobar saibhir oidhreachta. I mbliana, is é an téama atá leis an léacht ná 'Ceiliúradh Caomhnóireachta'.

Forbairt Feirste hosts an annual lecture and dinner during Fleadh Feirste on the overarching theme of celebrating entrepreneurship and development, entitled *'Cothaigh',* from the Irish to nourish. Over the past couple of years Cothaigh has brought a selection of high profile and international keynote speakers to the Gaeltacht Quarter.

Cothaigh has energised an exchange of ideas, experiences and lessons that have helped shape our ambition and our direction. The scale of the regeneration opportunity that lies ahead in nurturing this area as being both distinctly modern and rich in heritage is significant. This year, the theme of the lecture is: 'Celebrating Custodianship'.

**03|12|2022**
**7:30pm**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

**Ar cuireadh amháin | Invitation only**

Forbairt Feirste
Ag Fiorú na Ceathrún Gaeltachta



## Pluais Dhaidí na Nollag | Santa Claus's Grotto

Ná cailligí an deis bualadh le Daidí na Nollag agus é ag tabhairt cuairt ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ar na páistí ar fad le Gaeilge! Gheobhaidh na páistí maithe uilig bronntanas galánta ar an lá.
Agus tú ag fanacht le bualadh leis an fhear é féin, thig leat sult a bhaint as ceardlann ealaíne spraíúil a bheidh ag tarlú ag an am céanna.

Don't miss the chance to meet Daidí na Nollag while he is visiting Cultúrlann McAdam Ó Fiach and all the Irish-speaking children! All the good children will get a wonderful present on the day.
There will be a fun art workshop also taking place while you wait to meet the man himself.

**04|12|2022 | 1:00- 2:30pm**
**£5.00 an páiste | £5.00 per child**
**(Grianghraf agus féirín san áireamh | Inclusive of picture and gift)**
**Áit | Place: An Taiscumar, Cultúrlann**
**Ticéad | Tickets:**
**www.culturlann.ticketsolve.com**




An tSnáthaid Mhór
Irish publisher of content for children of all ages

# An tSnáthaid Mhór:

## Seoladh Leabhar Nua | New Book Launch

Is stiúideo ábhair chruthaithe é An tSnáthaid Mhór a chruthaíonn agus fhoilsíonn leabhair, e-leabhair, físeáin agus beochana do pháistí.

An tSnáthaid Mhór is an Illustrative content studio that creates and publishes books, e-books, video and animation for children of all ages.

**Leabhar le fógairt | Book to be announced**
**04|12|22**
**3:00pm**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



**Maidir le Mr Ando**

Béal Feirsteach ó dhúchas é Andrew Whitson, ealaíontóir a bhfuil duaiseanna bainte aige agus arb é an tUasal Ando an t-ainm is rogha leis. Cónaíonn sé i seanteach atá neadaithe i gcoim cnoc ceomhar, ar imeall coill draíochta, taobh thíos de chaisleán finscéalach atá buailte le srón fathaigh.

**About Mr Ando**

Andrew Whitson Is an award winning artist from Belfast who goes by Mr Ando. He lives in an old house buried within the nook of a foggy hill, at the edge of a magic forest beside a legendary castle at the peak of a giant’s nose.




## Raidió Fáilte:

### Craoladh beo ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich

Beidh foireann Raidió Fáilte ag craoladh beo ó Fhleadh Feirste i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Éist linn Dé Domhnaigh an 4ú lá Nollag 3:00 - 5:00pm do chlár speisialta dhá uair an chloig. Le linn an chláir beidh comhráití againn leis an lliomad aíonna éagsúla faoi fhleadh dhraíochta na Nollag nuair a lasfar soilse na Ceathrún Gaeltachta. Éist linn ar 107.1fm agus tríd an sruthú beo ar ár suíomh idirlín.

The Raidió Fáilte team will be broadcasting a special two-hour programme live from Fleadh Feirste in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich on Sunday the 4th December 2022. During the programme, we will speak with various guests about the Fleadh and the magic of Christmas at the switching on of the Gaeltacht Quarter's Christmas lights.

**04|12|2022**
**3:00 - 5:00pm**
**Saor in aisce | Free admission**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



Is Deontóir Mé
Deonú Orgán

## Lasadh Shoilse na Nollag

### Switching on the Christmas Lights

Lasfar soilse na Nollag le haíonna speisialta agus is cinnte go spreagfar spiorad na Nollag ionat. Fosta, fógrófar buaiteoirí chomórtas ealaíne na scoileanna agus beidh maróga Nollag blasta agus scailtín fíona ar fáil sa chaifé chomh maith le ceol binn ó Chór Loch Lao. Tá aíonna speisialta againn i mbliana le soilse Nollag na Cultúrlainne a lasadh mar atá Dáithí Mac Gabhann, Gael óg ó iarthar Bhéal Feirste agus laoch an fheachtais 'Is Deontóir Mé' chomh maith leis an sárfheachas, An Dream Dearg a mheall 20,000 chun sráide i mbliana ag éileamh Acht Gaeilge.

The Christmas tree lights will be switched on by special guests and will no doubt inspire your Christmas spirit. We will also announce the winners of the school Christmas art competition and there will be mince pies and mulled wine in the caifé with the lovely tunes of Cór Loch Lao. We have special guests this year to light the Christmas lights, Dáithí Mac Gabhann, a young Gael from west Belfast and hero of the 'Is Deontóir Mé' campaign along with the powerful Dream Dearg campaign which inspired 20,000 to take to the streets in demand of language rights.

**04|12|22 | 4:00pm**
**Saor in aisce | Free admission**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**




glór na móna
Pobal & Óige

CISTE OIDHREACHTA
HERITAGE FUND

## Faoi Scáth an tSléibhe

### A Beautiful Place

Tá clú agus cáil ar Uachtar Chluanaí agus ar mhórcheantar Bhaile Uí Mhurchú as cumas eiseamláireach an phobail seo tionscadail spreagúla féinchuidithe a fhorbairt thar tréimhse 50 bliain. Sa scannán eisiach seo, a d'eascair as togra Oidhreachta Ghlór na Móna, déantar an stair folaigh agus spreagúil seo a nochtadh agus a cheiliúradh fríd guthanna roinnt do na gníomhaithe a mhúnlaigh an pobal athléimneach seo a chraobhscaoileadh.

The Upper Springfield and Greater Ballymurphy area is renowned for its exemplary ability to develop ground-breaking community self-help initiatives spanning over 50 year. This exclusive new film, which emanated from the recent Glór na Móna community heritage project supported by the Heritage Lottery Fund, aims to showcase and celebrate this inspirational hidden history through charting the voices of some of the activists who shaped this resilient community.

**04|12|22**
**8:00pm**
**Áit / Place: Gael-Ionad Mhic Goill**
**Teagmháil/Contact:**
**eoghan@glornamona.com**




## Comórtas Filíochta

### Bronnadh na nDuaiseanna

Chuir sé lúcháir orainn ár dtríú comórtas filíochta a sheoladh an 15 Deireadh Fómhair. Agus rudaí ag teacht ar ais ina gceart arís i ndiaidh chíor thuathail COVID-19, shocraigh muid ar 'Athnuachan' mar théama don chomórtas seo i mbliana. Mar is gnách, cuireadh fáilte roimh iontrálacha ó dhaoine fásta agus ó dhaoine óga agus ag an phointe seo, agus é seo á scríobh, tá muid sásta leis an mhéid iontrálacha atá faighte againn cheana féin.

Tá sé beartaithe againn imeacht speisialta a reáchtáil anseo sa Chultúrlann don chéad uair ó bhí 2020 ann ar an 8ú Nollag nuair a fhógrófar na buaiteoirí agus a bhronnfar na duaiseanna orthu. Mar is gnách ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár maoinitheoirí as a gcuid tacaíochta agus lenár moltóirí as a gcuid dúthrachta. Ar a bharr sin, ba mhaith linn buíochas agus comhghairdeas a ghabháil le gach duine a chuir iontrálacha isteach ar an chomórtas. Bhí caighdeán na ndánta ar fheabhas arís i mbliana.




It delighted us to launch our third poetry competition on the 15th October. As life returns to as it was after COVID-19, we decided on "Renewal" as this year's competition theme. As always, we welcome entries from both adults and young people alike and at the point of writing this, we are happy with the number of entries we have received to date.

We have organised a special event here in the Cultúrlann and for the first time since 2020, we will announce the winners and award the prizes on the 8th December. As always, we would like to thank our funders for their continued support along with our judges for their diligence. Finally, we would like to thank and congratulate all who entered the competition. The standard of poems was fantastic.

**08|12|2022**
**4:00pm**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

# Seoladh Albaim:

## Clare Sands

Is fidléir agus amhránaí dátheangach den séú glúin í Clare Sands a bhfuil ceol a sinsear go smior inti agus is fórsa ildánach i gceol na hÉireann í. A cuid taistil in Éirinn agus timpeall an domhain, spreag siad gné neamheaglach, nuálach ina cuid ceoil a labhraíonn ar son an uile dhuine. 'Clare Sands' is teideal dá halbam úr ina gcíorann sí téamaí éagsúla – an dúchas, an mhuir agus treise na mban ina measc. Agus gigeanna beo is féilte ceoil faoi lán seoil arís, beidh Clare le feiceáil ar stáitse ag Celtic Connections, Folk Alliance International, the Irish Arts Center NYC, Féile Glastonbury agus níos mó. Is mór an lúcháir atá orainn an Chultúrlann a bheith curtha leis an liosta sin.

Channelling the music of her ancestors, 6th generation fiddler and bilingual singer Clare Sands is a unique force in Irish music. Creating boundary breaking fearless folk music inspired by her travels around Ireland and the world, Sands sings for the young and the old, brave and the bold. 'Clare Sands' is the title of her highly anticipated new album which explores, among other themes, tradition, the sea and the power of women.

The return of live performance and festivals will bring Clare to Celtic Connections, Folk Alliance International, the Irish Arts Center NYC, Glastonbury Festival and more. An Chultúrlann is delighted to have been added to that list.

*'An empowering, exceptional talent, channelling the music of her ancestors while reimagining the sound of a new Ireland'*

**– Lynette Faye, BBC Radio Ulster**

*'Clare creates brave music that taps deep into the well of what we are about, of traditional music, and brings it right to the present day. A phenomenal musician'*

**– Fiachna Ó Braonáin, RTE Radio 1**

*'An impassioned voice and musical genius on stage. A unique force in Irish music'*

**– Hotpress Magazine.**

*'Fiddler extraordinaire –absolutely majestic!'*

**– Pat Carty, Hotpress Magazine.**

*'Her performances posses 'a brilliant energy that's both irresistible and refreshing as she traverses a path where Irish and English languages, traditional, folk, and contemporary music meet'*

**– Folk Radio UK**

**17|12|22**
**1:00pm**
**Saor in aisce | Free admission**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



# Na Meáin Shóisialta

## Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

FLEADH FEIRSTE

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

## Maoinitheoirí

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND

Foras na Gaeilge

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

An Pobal

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

## Pairtnéirí

Áras Uí Chonghaile
James Connolly Visitor Centre

glór na móna

Aisling Ghéar
Compántas Amharclainne

FÍS AN PHOBAIL
PLEAN TEANGA FEIRSTE THIAR

An tSnáthaid Mhór

Forbairt Feirste
Ag Fiorú na Ceathrún Gaeltachta

Conradh na Gaeilge

Cumann Cluain Árd

fm 107.1 Raidió Fáilte

An Ceathrú Póilí

Queen's University Belfast

IONAD Uíbh Eachach

## Pairtnéir mhargaíochta

Fáilte Feirste Thiar
Promoting West Belfast Tourism
www.visitwestbelfast.com

## Pairtnéir sna meáin

fm 107.1 Raidió Fáilte